RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/919 ÓN gCOIMISIÚN

an 4 Bealtaine 2023

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/804 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí píopaí agus feadán gan uaim áirithe d'iarann (seachas iarann teilgthe) nó de chruach (seachas cruach dhosmálta), ar trasghearradh ciorclach, ar trastomhas seachtrach is mó ná 406,4 mm, de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad [1] ("an bun-Rialachán"), agus go háirithe Airteagal 14(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Allmhairí píopaí agus feadán gan uaim áirithe d'iarann (seachas iarann teilgthe) nó de chruach (seachas cruach dhosmálta), ar trasghearradh ciorclach, ar trastomhas seachtrach is mó ná 406,4 mm, de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, tá na hallmhairí sin faoi réir dleacht frithdhumpála chinntitheach arna forchur le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/804 ón gCoimisiún ("an Rialachán bunaidh") [2].

(2) Tá na cuideachtaí Zhejiang Gross Seamless Steel Tubes Co., Ltd. agus Hubei Xinyegang Special Tube Co., Ltd., faoi réir dleachtanna frithdhumpála cinntitheacha 41,4 %, cód breise TARIC [3] C204, agus 54,9 %, cód breise TARIC C172 faoi seach.

(3) Daye Special Steel Company Ltd. [4], ar scairshealbhóir é de chuid Hubei Xinyegang Special Tube Co., Ltd. freisin, fuair sé an chuideachta Zhejiang Gross Seamless Steel Tubes Co., Ltd. an 23 Lúnasa 2019. Mar gheall ar an éadáil sin bhí Zhejiang Gross Seamless Steel Tubes Co., Ltd. agus Hubei Xinyegang Special Tube Co., Ltd. ina gcuideachtaí gaolmhara.

(4) An 12 Meán Fómhair 2019, d'athraigh an chuideachta Daye Special Steel Company Ltd. a ainm go CITIC Pacific Special Steel Group Co., Ltd ("Grúpa CITIC Pacific"), d'athraigh Hubei Xinyegang Special Tube Co., Ltd a ainm go Daye Special Steel Co., Ltd [5] agus d'athraigh Zhejiang Gross Seamless Steel Tube Co., Ltd a ainm go Zhejiang Pacific Seamless Steel Tube Co., Ltd [6].

(5) Dheimhnigh an Coimisiún gur ceart iad an fhaisnéis agus an fhianaise a sholáthair na cuideachtaí maidir leis na hathruithe ainm.

(6) I bhfianaise na n-athruithe a shonraítear in aithrisí (3) agus (4), mheas an Coimisiún gur ghá dleachtráta amháin le haghaidh an Ghrúpa CITIC Pacific nuachruthaithe a chur in ionad na ndleachtrátaí aonair le haghaidh gach ceann den dá tháirgeoir onnmhairiúcháin.

---

[1] IO L 176, 30.6.2016, lch. 21.

[2] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/804 ón gCoimisiún an 11 Bealtaine 2017 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí píopaí agus feadán gan uaim áirithe d'iarann (seachas iarann teilgthe) nó de chruach (seachas cruach dhosmálta), ar trasghearradh ciorclach, ar trastomhas seachtrach is mó ná 406,4 mm, de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, (IO L 121, 12.5.2017, lch. 3).

[3] Taraif Chomhtháite an Aontais Eorpaigh.

[4] Is é Daye Special Steel Company Ltd (ainm Síneach: 大冶特殊钢股份有限公司) an seanainm a bhí ar CITIC Pacific Special Steel Group Co., Ltd., agus ní an táirgeoir Daye Special Steel Co., Ltd. (ainm Síneach: 大冶特殊钢有限公司).

[5] D'fhíoraigh Biúró Maoirseachta agus Riaracháin Margaidh Chathair Huanghsi an t-athrú an 4 Meán Fómhair 2019.

[6] D'fhíoraigh Biúró Maoirseachta agus Riaracháin Margaidh Cheantar Shangyu an t-athrú an 27 Lúnasa 2019.

(7) Ní raibh sna hathraithe ach athrú úinéireachta i gcás Zhejiang Pacific Seamless Steel Tube Co., Ltd, agus athruithe ainmneacha, gan tionchar a imirt ar tháirgeadh ná ar oibríocht na gcuideachtaí ná ar aon imthosca eile maidir le dumpáil agus díobháil. Dá bhrí sin, ba é conclúid an Choimisiúin nach raibh údar leis na corrlaigh sin a leasú bunaithe ar ríomhanna nua i leith corrlaigh dhumpála agus dhíobhála faoi Airteagal 11(3) den ("bhun-Rialachán"). Ina ionad sin, mheas an Coimisiún gurbh iomchuí leibhéal dleachta amháin a chinneadh don ghrúpa ar bhonn mheán ualaithe na sonraí arna soláthar ag an dá tháirgeoir onnmhairiúcháin agus arna bhfíorú san imscrúdú bhunaidh.

(8) Ar bhonn na sonraí sin, chinn an Coimisiún corrlach díobhála agus dumpála amháin is infheidhme maidir le Grúpa CITIC Pacific:

Cuideachta	Corrlach díobhála (%)	Corrlach dumpála (%)	Ráta frithdhumpála cinntitheach (%)
CITIC Pacific Group: — Daye Special Steel Co., Ltd — Zhejiang Pacific Seamless Steel Tube Co., Ltd	51,8	92,1	51,8

(9) Chuir an Coimisiún na corrlaigh dhíobhála agus na corrlaigh dhumpála i gcomparáid le chéile. I gcomhréir le riail na dleachta níos lú in Airteagal 9(4) den bhun-Rialachán, ba cheart méid na ndleachtanna a shocrú ar leibhéal na gcorrlach dumpála agus díobhála níos lú más rud é gur leor an dleacht níos lú chun deireadh a chur leis an díobháil do thionscal an Aontais. Ar bhonn a bhfuil thuas, 51,8 % is ea an corrlach dleachta nua don dá chuideachta araon faoi Ghrúpa CITIC Pacific.

(10) Nochtadh na torthaí sin do pháirtithe leasmhara agus tugadh am dóibh barúlacha a thabhairt. Ní bhfuarthas aon bharúil.

(11) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir le tuairim an Choiste a bunaíodh le hAirteagal 15 (1) den bhun-Rialachán,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

An tábla in Airteagal 1(2) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/804, déanfar é seo a leasú mar a leanas:

— Bainfear na línte thíos den tábla:

Cuideachta	Ráta frithdhumpála cinntitheach (%)	Cód breise TARIC
Hubei Xinyegang Special Tube Co., Ltd	54,9	C172
Zhejiang Gross Seamless Steel Tube Co., Ltd	41,4	C204

— Ba cheart na línte seo a leanas a chur isteach sa tábla:

Cuideachta	Ráta frithdhumpála cinntitheach (%)	Cód breise TARIC
CITIC Pacific Group: — Daye Special Steel Co., Ltd — Zhejiang Pacific Seamless Steel Tube Co., Ltd	51,8	899H

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 4 Bealtaine 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN